



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS LUATH, 1492-1815

Scrúdú scríofa: 400 marc

An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

Treoracha d'iarrthóirí:

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 laistigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar dhá thopaic as an roinn seo.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar thopaic amháin as an roinn seo.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1
An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

An Ghinéiv in aimsir Calvin

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1. (a) De réir dhoiciméad A, cad iad na dualgais a bhí ar sheanóirí i leith na ndaoine a raibh saol mírialta á chaitheamh acu?
(b) Ó dhoiciméad A, cén fáth a raibh seanóirí le roghnú as gach ceantar den chathair?
(c) Ó dhoiciméad B, conas a bhí na deagánaigh le toghadh?
(d) De réir dhoiciméad B, conas atá an t-ospidéal le riar?
(e) Ó dhoiciméad B, cé hiad siúd ar chóir iad a choinneáil i lóistín faoi leith? (40)

2. (a) Cé acu doiciméad, A nó B, is fearr a thugann eolas maidir leis an nGinéiv in aimsir Calvin? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.
(b) An bhfuil doiciméid A agus B ar aon fhocal maidir le ról na comhairle i réachtáil eaglais Calvin sa Ghinéiv? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra. (20)

3. (a) Cén fhianaise atá i ndoiciméad A chun tacú leis an tuairim go raibh an tsochaí faoi smacht dian sa Ghinéiv in aimsir Calvin?
(b) An foinsí príomha nó foinsí tánaisteacha iad doiciméid A agus B? Mínigh do fhreagra. (20)

4. Cén fáth a raibh an Cailvíneachas an-rathúil agus cén fáth ar scaip sé chomh forleathan sin? (20)

- Doiciméad A -

Is sliocht coimrithe é seo as *Na hOrduithe Eaglasta* le Jean Calvin, 1541, faoi ról na seanóirí san eaglais sa Ghinéiv.

Is é an post atá acu na súil a choinneáil ar shaol gach duine, rabhadh a thabhairt ar bhealach cairdiúil dóibh siúd a fheiceann siad ag déanamh earráide agus a bhfuil saol mírialta á chaitheamh acu. Nuair is gá sin, tabharfaidh siad tuairisc maidir leis na daoine sin do na ministrí agus déanfaidh siadsan socrú maidir le ceartú deartháiriúil (bráithriúil). Ba chóir na seanóirí a roghnú as gach ceantar den chathair sa chaoi gur féidir maoirseacht a dhéanamh ar gach duine.

Is mar seo a leanas is cóir iad a roghnú. Iarrfar ar an gComhairle Bheag na fir is oiriúnaí is féidir leo a aimsiú a ainmniú. Chun é sin a dhéanamh, ba chóir dóibh an t-ábhar a phlé leis na ministrí agus ansin a gcuid moltaí a chur faoi bhráid Chomhairle an Dá Chéad lena bhfaomhadh. Má cheaptar iad a bheith fiúntach, ní mór dóibh mionn a ghlacadh.

Foinse: Jean Calvin, *Ecclesiastical Ordinances*, aistrithe ag G. R. Potter and M. Greengrass (Londain: Edward Arnold, 1983).

- Doiciméad B -

Seo sliocht coimrithe as *Na hOrduithe Eaglasta* le Jean Calvin, 1541, maidir le ról na ndeagánach san eaglais sa Ghinéiv.

Is cóir toghchán na ndeagánach a reáchtáil ar an mbealach céanna le toghchán na seanóirí. Beidh sé de chúram ar na deagánaigh a bheith díograiseach chun a chinntiú go bhfuil dea-riarachán á dhéanamh ar an ospidéal agus go bhfuil sé oscailte ní hamháin do na heasláin ach freisin do sheandaoine nach bhfuil ábalta obair a dhéanamh, do bhaintreacha, dílleachtaí agus daoine bochta eile. Is cóir iad siúd atá tinn a choinneáil i lóistín faoi leith.

Foinse: Jean Calvin, *Ecclesiastical Ordinances*, aistrithe ag G. R. Potter agus M. Greengrass (Londain: Edward Arnold, 1983).

ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.

Éire: Topaic 1

Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Tagraíonn an sliocht coimrithe seo do thús éirí amach Chill Dara in 1534. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

An lá cinniúnach sin, 11 Meitheamh 1534, threoraigh an Tiarna Tomás Mac Gearailt buíon de 140 marcach a raibh seaicéid síoda orthu trí Gheata an Dáma go dtí Mainistir Naomh Muire, áit a raibh cruinniú den chomhairle gairthe. Cháin sé an rí ansin agus thug sé claiómh oifige an ghobharnóra ar láimh don Ard-Seansailéir Cromer. D'imigh sé ina dhiaidh sin le bheith in éineacht leis an gcuid eile dá arm i mBaile na Lochlannach chun tosú ar fhórsaí na hÉireann a eagrú mar agóid in aghaidh dhíláithriú a mhuintire.

Bhí Tomás ullmhaithe go maith don ghéarchéim seo agus níorbh é an fear óg anabái ceandána é ar a dtugtaí 'Tomás an tSíoda'. Bhí roinnt taithí mhíleata aige i gceann d'fheachtais mhíleata a athar. Go deimhin, sna seachtainí roimh an 11 Meitheamh, d'iarr an Tiarna Tomás cúnaimh ar chomhghuaillithe traidisiúnta Chill Dara: Conchubhar Ó Briain ó Thuamhain agus Iarla Dheasumhan i gCúige Mumhan, Conn Bacach Ó Néill i gCúige Uladh, agus Ó Conchubhair Uí Failghe i gCúige Laighean.

Foinse: Colm Lennon, *Sixteenth-Century Ireland: The Incomplete Conquest* (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1994).

1. Cad a rinne an Tiarna Tomás ag cruinniú na comhairle ar an 11 Meitheamh, 1534?
2. Cá raibh an chuid eile d'arm an Tiarna Tomás lonnaithe?
3. An raibh aon taithí mhíleata ag an Tiarna Tomás? Mínigh do fhreagra.
4. Cé air ar iarr an Tiarna Tomás tacaíocht i gCúige Uladh?
5. Cén toradh a bhí ar éirí amach Chill Dara?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Scoileanna na mBard.
2. An tArdeaspag George Browne.
3. Díscáoilleadh na mainistreacha in Éirinn.
4. An polasaí géillte agus athbhronnta.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a d'éirigh Gearóid Mór Mac Gearailt, 8^ú Iarla Chill Dara, chomh cumhachtach sin?
2. Cén fáth a ndearnadh plandáil i Laois agus in Uíbh Fhailí?
3. Cad iad na rialacháin a rialaigh an pósadh faoi dhlí na nGael?
4. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Mánas Ó Domhnaill mar thaoiseach Gaelach agus mar scoláire cumasach?

Éire: Topaic 2
Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilise, 1558-1603

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

I 1569 ceapadh Sir Humphrey Gilbert mar ghobharnóir míleata ar Chúige Mumhan. Déantar cur síos sa sliocht coimrithe seo as cuntas Thomas Churchyard, a bhí in éineacht leis, ar dhéine fheachtas Gilbert. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Gearradh an cloigeann de chorp aon duine de chineál ar bith a maraíodh an lá sin agus tugadh iad chuig an áit a raibh a champa aige san oíche. Leagadh na cloigne ar an talamh ar an dá thaobh den bhealach isteach chuig a phuball féin, sa chaoi nach bhféadfadh aon duine dul isteach ina phuball ar chúis ar bith gan dul tríd an lána cloigne ar bhain sé feidhm as chun na daoine a sceimhliú.

Ba mhór an t-uafás a cuireadh ar na daoine nuair a chonaic siad cloigne a n-aithreacha, a ndeartháireacha, a bpáistí, a ndaoine muinteartha agus a gcairde a bhí marbh ina luí ar an talamh os a gcomhair amach, agus iad ag teacht chun labhairt leis an ngobharnóir sin.

Foinse: Nicholas Canny, *The Elizabethan Conquest of Ireland* (Hassocks: Harvester Press, 1976).

1. Cad a shocraigh Sir Humphrey Gilbert go gcuirfí ar dhá thaobh an chosáin go dtí a phuball?
2. Cén fáth ar ordaigh sé cleachtas uafásacha den chineál sin, de réir Churchyard?
3. Cén fhianaise sa sliocht a thugann le tuiscint nár spáráladh páistí ina fheachtas cogaidh iomláin?
4. Cén tionchar a bhí aige ar mhuintir na Mumhan a chonaic na hainghníomhartha sin?
5. Luaigh iarmhairt amháin do Chúige Mumhan den éirí amach i nDeasumhain?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Séan Ó Néill.
2. Gráinne Ní Mháille.
3. An Pháil agus ualach an airm.
4. Ceist na hollscoile.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad an haidhmeanna a bhí ag an bhFear Ionaid Henry Sidney in Éirinn agus cé chomh mór agus a d'éirigh leis iad a bhaint amach?
2. Cad iad na forbairtí suntasacha a tharla i gcathair Bhaile Átha Cliath le linn réimeas Eilís I?
3. Conas a bhí Meiler Magrath ábalta feidhmiú mar Easpag Caitliceach agus mar Easpag Protastúnach le linn a ghairme cléiriúla?
4. Cad iad na forbairtí arbh é an toradh a bhí orthu sa deireadh gur buaileadh Aodh Ó Néill agus a chomhghuaillithe i gCogadh na Naoi mBlíana?

An ríocht in aghaidh na coilíneachta - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Pléitear sa chuntas seo a leanas ón staraí Sasanach, John Morrill, le sléacht Chromail ag Droichead Átha. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tá sléacht Dhroichead Átha suntasach mar gheall ar an neamhthrócaireacht agus an meascán den bhrúidiúlacht agus den scéiméireacht a bhain leis, agus é a bheith teasáí agus fuarchúiseach ag an am céanna.

Dar liom féin, bhí racht feirge ag brúchtadh i gcroí Chromaill in aghaidh aon duine a thug neamhaird ar bhreithiúnas Dé i gcogaí 1642-1647. Níor mhór pionós a chur orthu siúd a lean orthu ag troid mar gur dhoirt siad fuil daoine neamhchiontacha.

I nDroichead Átha, mharaigh sé Sasanaigh, Angla-Éireannaigh agus Éireannaigh as éadan. Déanta na fírinne, bhí sé thar a bheith dian ar na Sasanaigh: ba iad a gcloigne siúd a cuireadh in airde ar phící; ba iad siúd a saoradh ón mbás agus a cuireadh go Barbadós i riocht sclábhaithe ná na hÉireannaigh.

Foinse: David Edwards, Pádraig Lenihan and Clodagh Tait, eagarthóirí, *Age of Atrocity: Violence and Political Conflict in Early Modern Ireland*, (Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2007).

1. Conas atá sléacht Dhroichead Átha suntasach, dar le Morrill?
2. Cé hiad siúd a raibh racht feirge Chromail ag brúchtadh ina n-aghaidh?
3. Dar le Morrill, cén grúpa a rabhthas thar a bheith dian orthu?
4. Cé hiad siúd a cuireadh go Barbadós i riocht sclábhaithe?
5. Cér leis an talamh a coigistíodh in aistriú Chromail?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An t-arm agus na Grása.
2. Elizabeth Butler, an Chuntaois Urumhan.
3. An tArdeaspag Rinuccini.
4. Na Ceithre Máistrí.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna a bhí le Strafford a chur ar a thriail agus cén fáth a raibh sé sin suntasach i stair na hÉireann?
2. Conas a chuaigh Sir Féilim Ó Néill agus/nó Eoghan Rua Ó Néill i mbun a gcuid aidhmeanna a bhaint amach in Éirinn?
3. Cad a chuir Lováin le hÉirinn, 1603-1660?
4. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Luke Wadding agus cad iad na nithe a d'éirigh leis a bhaint amach?

Éire: Topaic 4
Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Leagann an sliocht coimirthe seo amach cuid de na Péindlíthe a achtaíodh faoin Rí Liam agus an Bhanríon Máire agus, níos déanaí, faoin mBanríon Áine. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ag tosú i 1695, tugadh isteach sraith nua Péindlíthe a bhainfeadh a gcearta daonna bunúsacha ar fad, nach mór, de Chaitlicigh na hÉireann de réir a chéile. Thug an staraí, William Lecky, achoimre ar chuid de na dlíthe mar seo a leanas:

- *Bhí toirmeasc vótála air (Caitliceach in Éirinn).*
- *Bhí toirmeasc air aon oideachas a fháil, ná a chlann a chur thar lear i gcomhair oideachais.*
- *Bhí toirmeasc air aon oifig phoiblí a bheith aige.*
- *Bhí toirmeasc air a bheith ina úinéir talún.*
- *Bhí iallach air de réir dlí freastal ar adhradh Protastúnach.*

Foinse: Colin C. Murphy, *The Priest Hunters* (Baile Átha Cliath: The O'Brien Press, Ltd., 2013).

1. Sa sliocht seo, cén staraí a rinne achoimre ar na Péindlíthe i gcoinne na gCaitliceach in Éirinn?
2. Cén dlí a ritheadh maidir le hoideachas na gCaitliceach in Éirinn?
3. An raibh cead ag Caitliceach in Éirinn oifig phoiblí a bheith aige?
4. Cén dlí a ritheadh maidir le cleachtadh creidimh?
5. Cén fáth ar ritheadh Péindlíthe i gcoinne na gCaitliceach in Éirinn?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Iarla Thír Chonaill.
2. Paimfléadaíocht pholaitiúil.
3. Oilibhéar Pluincéad.
4. An tAcht Comhéigin agus an tAcht Loingseoireachta.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na cinntí a rinneadh ag Parlaimint 1689?
2. Cad a bhí suntasach faoi Bhaile Átha Cliath le linn na hAthghairme?
3. Cén cheannaireacht a thug Pádraig Sáirséil le linn na gcogaí i ndeireadh an seachtú haois déag in Éirinn?
4. Cad iad na dúshláin a bhí roimh na filí Seacaibíteacha sa tréimhse sin?

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag,
1715-1770**

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is é atá sa sliocht seo ná cuid den fhreagairt a rinne an tAthair Nioclás Mac Síthigh do bhreith an ghiúire ag a thriail i gCluain Meala i 1766. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

A Thiarna, tá a fhios agam nach mbeadh aon tionchar ag aon rud a d'fhéadfainn a rá. Ag an am céanna, de bhri go bhfuil deis agam, caithfidh mé a rá go bhfuilim go hiomlán neamhchiontach sa choir uafásach inar ciontaíodh mé.

Táim ag déanamh agóide in aghaidh na n-imeachtaí ar fad agus beidh mé ag déanamh agóide go dtí an nóiméad deiridh in aghaidh na héagóra náirí, in aghaidh na mionnaí móra éithigh, chomh maith leis an ngráin (an fuath) nimhneach a rinne dochar dom.

Mar fhocal scoir, caithfidh mé a rá, ainneoin sin ar fad, nach bhfuil olc dá laghad agam do na fir mhíshona sin atá ag déanamh géarleanúna orm go bás, fiú: fágaim i lámha Dé iad, Dia atá cóir, agus caithfidh Seisean leo de réir mar atá tuillte acu. Sin a bhfuil le rá agam. Fágaim faoi Dhia é idirdhealú a dhéanamh idir iad siúd atá neamhchiontach agus iad siúd atá ciontach.

Foinse: Colin C. Murphy, *The Priest Hunters* (Baile Átha Cliath: The O'Brien Press, 2013).

1. An bpléadálann Nioclás Mac Síthigh ciontach nó neamhchiontach?
2. An gceapann Nioclás Mac Síthigh go raibh imeachtaí na trialach cóir nó éagórach?
3. Conas a chuirfeá síos ar an dearcadh a bhí ag Nioclás Mac Síthigh: feargach; dóchasach; maiteach? Mínigh do fhreagra.
4. Cé hiad siúd d'fhág Nioclás Mac Síthigh i lámha Dé?
5. Cén fáth ar cuireadh Nioclás Mac Síthigh ar a thriail i gCluain Meala i 1766?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Teacht chun cinn na hamharclannaíochta i mBaile Átha Cliath.
2. Litreacha Drapier.
3. Thomas Wyse.
4. Charles Lucas.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cérbh iad muintir Ponsonby agus cén tionchar a bhí acu in Éirinn?
2. Cad iad na cúinsí ba chúis le teacht chun cinn na mBuachaillí Bána agus cad iad na modhanna a d'úsáid siad chun a gcuid aidhmeanna a bhaint amach?
3. Conas a chuir Arthur Guinness le saol eacnamaíochta na tíre?
4. Cad iad na bealaí inar chuir Turlach Ó Cairealláin leis an gcultúr in Éirinn?

Éire: Topaic 6
Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Tógadh an sliocht coimrithe seo as forógra, an 13 Eanáir 1801, inar “Moladh a bheith spárálach maidir le hídiú arbhair, gráin agus prátaí”. Eisíodh é mar go raibh na barra go dona an fómhar roimhe sin. Léigh é agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

Ní mór a bheith thar a bheith spárálach maidir le hídiú gach cineál gráin, agus go háirithe maidir le hídiú prátaí, mar gurb iad príomhbhia na mbochtán sa ríocht seo iad.

Molaimidne, Fear Ionaid an Rí agus an Chomhairle, go n-éireofaí as a bheith ag úsáid plúir i dtaosrán agus go ndéanfaí an méid aráin a itear i ngach teaghlach a shrianadh ar an mbealach is tíosaí is féidir.

Agus chomh maith leis sin tugaimid ordú do gach duine a choinníonn capaill mar chaitheamh aimsire, an méid coirce a idíonn siad a laghdú chomh mór agus is féidir.

Chun faoiseamh a thabhairt do na bochtáin maidir lena gcuid riachtanas prátaí, iarraimid ar gach ceann teaghlaigh, nach d'isealaicmí an tsaoil iad, gan cead a thabhairt prátaí ar bith a ithe ina gcuid teaghlach féin, sa chaoi go ndéanfar soláthar iomlán sil a chaomhnú do gach ceantar.

Ní mór na prátaí ar fad nach bhfuil á gcaomhnú i gcomhair sil a choinneáil mar bhia do na bochtáin amháin.

Foinse: James Kelly agus Mary Ann Lyons, eagarthóirí, *The Proclamations of Ireland 1660-1820*, Imleabhar 5 (Baile Átha Cliath: Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, 2014).

1. Cén príomhbhia a bhí ag na bochtáin in Éirinn in 1801?
2. Cad a dúirt an forógra faoi úsáid plúir i dtaosrán?
3. Cad a bhí orthu siúd a choinnigh capaill a dhéanamh in am seo an ghátair?
4. Cén fáth ar iarradh ar roinnt teaghlach gan aon phrátaí a ithe?
5. Cén fáth a raibh mórán míshuaimhnis faoin tuath le linn na tréimhse sin?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Nano Nagle.
2. Mary Anne McCracken.
3. Cultúr Seoirseach: ailtireacht, ealaín, litríocht agus léann.
4. Cultúr Gaelach: litríocht agus léann.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuir tionscail nua le fás Bhéal Feirste?
2. Cad ba mhian le Henry Grattan a bhaint amach agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis?
3. Cad iad na príomhimeachtaí a tharla le linn Éirí Amach Loch Garman, 1798?
4. Cén fáth ar bhunaigh agus ar fhóirdheonaigh an rialtas Coláiste Mhá Nuad?

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2

Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567-1609

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Seo sliocht as litir a scríobh Diúc Parma chuig Pilib II na Spáinne i mí an Mheithimh 1588. Tháinig sí isteach nuair a bhí an Armáid imithe. Léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tuigfidh Diúc Sidonia, ceannasaí na hArmáide, ó mo chuid litreacha nach féidir liom imeacht ar an mbealach is lú ón bplean atá leagtha síos, ná ó ordúithe soiléire do mhórgachta.

Chomh fada agus a bhaineann sé liom féin a dhul amach chun a bheith leis, beidh sé soiléir dó gur tógadh na báid bheaga ísle réthónacha do na haibhneacha seo seachas don fharraige agus, dá bhrí sin, nach féidir liom imeacht ón aistear gearr díreach a aontaíodh. Fiú má bhíonn ár n-aistear cosanta agus má bhíonn Muir nIocht saor ó longa an namhad, is trí mhóthrócaire Dé amháin a bheimid ábalta talamh tirim a bhaint amach sna báid seo. Ar an gcúis sin, ní féidir linn dul sa seans agus an baol ann go gcaillfimis iad má imimid ón gcúrsa ar aontaíomar air.

Dá ndéanfainn iarracht a leithéid a dhéanamh trí dhul amach chun bualadh leis an Diúc agus dá dtiocfaimis ar aon longa armáilte de chuid na Sasanach nó na reibiliúnach, d'fhéadfaidís muid a scriosadh gan stró dá laghad.

Foinse: John Warren, *Elizabeth I: Religion and Foreign Affairs*, (Londain: Hodder & Stoughton, 1997).

1. Cérbh é ceannasaí na hArmáide?
2. Cad iad na fadhbanna a bhain leis na báid a raibh ar Dhiúc Parma trúpaí a iompar iontu?
3. Cén baol a bhí ann dá n-imeadh Diúc Parma ón bplean a bhí leagtha síos?
4. An raibh cumarsáid mhaith idir Diúc Sidonia agus Diúc Parma? Mínigh do fhreagra.
5. Cén chúis ba mhó ar buadh ar an Armáid?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Tycho Brahe.
2. Teachta chun cinn na Moscóive.
3. Sir Walter Raleigh.
4. Anglacánachas ré Eilíse.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuir Matteo Ricci le rath Mhísean na nÍosánach sa tSín?
2. Cén pháirt a ghlac Liam Tostach i Réabhlóid na hÍsiltíre?
3. Cad iad na cúinsí arbh é meathlú Chalafort Antuairp a bhí mar thoradh orthu?
4. Cé chomh rathúil agus a bhí Catherine de Medici mar rialtóir ar an bhFrainc?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3
Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Tugann an sliocht seo a leanas cuntas ar thrádáil na nDúitseach agus, go háirithe, ar a leathnú san Áise. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí Amstardam chun tosaigh maidir le trádáil idirnáisiúnta na nDúitseach agus i gcúrsaí tráchtála in iarthuaisceart na hEorpa i gcoitinne. I dtaca leis seo, ghlac Amstardam leis an ról a bhíodh ag Antuairp roimhe sin óir bhí sise faoi imshuí leanúnach ó na 1580idí nach mór. Ba é an príomhlimistéar ina ndearna na Dúitsigh trádáil mharsantach ná Muir Bhailt, áit ar cheannaigh siad grán mar mhalairt ar fhíon, ar iasc agus ar theicstílí.

Ní raibh rachmas na nDúitseach ag brath chomh mór céanna ar thrádáil leis na hIndiacha – ní raibh inti ach seacht faoin gcéad den iompar loingis iomlán agus ní minic a baineadh mórán brabúis aisti. Le linn an seachtú haois déag, chuir Comhlacht na hIndiacha Thoir, de réir a chéile, leis an líon stáisiúin trádála a bhí acu in iarthar an Aigéin Chiúin agus san Aigéan Indiach. Faoin mbliain 1650 bhí stáisiúin ag an gComhlacht sna háiteanna seo go léir: na Molacaí, Jáva, an Malae, an India, an tSiolóin (Srí Lanca) agus an Téaváin. Sholáthair na stáisiúin trádála seo tae, síoda agus spíosraí agus tugadh iad sin ar ais chun na hOllainne chun iad a dhíol agus a athonnmhairiú.

Foinse: Martyn Rady, *From Revolt to Independence: the Netherlands 1550-1650* (Londain: Hodder & Stoughton, 1987).

1. Cad é an príomhlimistéar ina raibh trádáil mharsantach na nDúitseach ar siúl, 1609-1660?
2. Cén céatadán de loingias na nDúitseach a úsáideadh ina gcuid trádála leis na hIndiacha?
3. Faoin mbliain 1650, cad iad na stáisiúin trádála nua a bhí faighte ag na Dúitsigh san Áise?
4. Cad iad na hearraí a thugadh na Dúitsigh ón Áise?
5. Conas a chuaigh laghdú sa soláthar airgid i bhfeidhm ar thrádáil na nDúitseach san Áise?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Teacht chun cinn na heolaíochta turgnamhaí.
2. Ceol agus ealaín Bharócach.
3. Banríon Kristina na Sualainne.
4. “Géarleanúint na gCailleach”.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar éirigh an Chatalóin amach i gcoinne na Spáinne agus cén toradh a bhí ar an éirí amach sin?
2. Cén freagra a thug Galileo ar an gCúistiúnacht agus cén bhreith a thug an chúirt?
3. Conas a chuir an Cairdinéal Richelieu le forbairt absalóideachas na Fraince?
4. Cé chomh suntasach agus a bhí ról Albrecht von Wallenstein sa Chogadh Tríocha Bliain?
- 5.

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4
An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Thit réimeas Chromail as a chéile i 1660. Rinne an Ginearál Monck ionradh ar Shasana agus chuir sé ar ais sa Pharlaimint na Feisirí a coinníodh amach. Bhí an Prionsa Séarlas, oidhre choróin Shasana, ar deoraíocht san Ísiltír, agus sheol sé dhá litir – ceann chuig an bParlaimint agus ceann chuig an nGinearál Monck – inar thairg sé idirbheartaíocht a dhéanamh maidir lena fhilleadh ar ais. Rinne Clarendon cur síos ar ar tharla ina dhiaidh sin.

D'iarr Teach [na dTeachtaí] láithreach go ndéanfaí an dá litir a léamh, rud a rinneadh. Agus uaidh sin amach níor chualathas a thuilleadh faoi Shéarlas Stiobhart agus ní raibh ríméad chomh forleathan laistigh de na ballaí sin riamh roimhe. Cheap Feisirí an Tí coiste chun freagra ar litir a mhórgachta a ullmhú, chun tuiscint mhórathasach an Tí ar na tairiscintí gnáúla a bhí déanta aige agus a mbuíochas ó chroí astu a léiriú, agus iad ag fógairt a ndílseachta agus a ndualgas dá mhórgacht; agus gur chóir don Teach freagra tapa a thabhairt ar thairiscintí gnáúla a mhórgachta.

Ag an am céanna, d'ordaigh siad chomh maith go gcuirfí i gcló agus go bhfoilseofaí an dá litir láithreach, an ceann chuig an Teach agus an ceann chuig an nGinearál, chomh maith le forógra a mhórgachta a bhí istigh leo, agus rún an Tí ina leith.

Foinse: Edward Hyde, Earl of Clarendon, *The History of the Rebellion and Civil Wars in England*, (Oxford: Oxford University Press, 1955).

1. Cén tairiscint a rinne an Prionsa Séarlas, oidhre choróin Shasana a bhí ar deoraíocht, ina chuid litreacha?
2. Cén mothú a léiríodh i dTeach na dTeachtaí nuair a léadh na litreacha do na Feisirí?
3. Cén freagra a thug Teach na dTeachtaí ar na litreacha seo?
4. Cá raibh an Prionsa Séarlas, oidhre choróin Shasana, nuair a sheol sé an dá litir?
5. Cén toradh a bhí ar thairiscint an Phrionsa Séarlas idirbheartaíocht a dhéanamh maidir lena fhilleadh ar Shasana?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Teacht chun cinn Brandenburg.
2. An Pholainn faoi John Sobieski.
3. Sir Henry Morgan.
4. Isaac Newton.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Louis XIV agus cad a d'éirigh leis a bhaint amach?
2. Cad iad na bealaí inar athraigh Peadar Mór an Rúis?
3. Conas a chuaigh Comhlacht (Sasanach) na hIndia Thoir i bhfeidhm ar an India?
4. Cé chomh mór agus a bhí tionchar Chúirt Versailles?

Impireachtaí á mbunú, 1715-1775

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Ba é Amos Barrett, saighdiúir 22 bliain d'aois i gcomplacht *minutemen* (mílístigh phríobháideacha réidh le troid ar fhógra nóiméid amháin) as Concord a thug an cuntas seo a leanas ar scirmis le saighdiúirí Briotanacha ar an 18 Aibreán 1775. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Chualamar in Concord go raibh siad ag teacht. Bhuail an clog ag a trí mar rabhadh faoin bpráinn. Minuteman a bhí ionam féin ag an am agus, dá bhrí sin, ba ghearr go raibh mé sa bhaile mór agus bhí mo chaptaen agus an chuid eile de mo chomplacht ag an bpost romham. Go gairid ina dhiaidh sin, tháinig complachtaí eile minutemen ar an láthair. Creidim gur earcaíodh complacht amháin minutemen ar a laghad i mbeagnach gach baile mór. Bhí orthu a bheith ullamh chun troda laistigh de nóiméad amháin ón am ar tugadh fógra dóibh. Creidim go raibh ar a laghad 150 dinn ann roimh bhreacadh an lae.

Nuair a bhíomar ar an genoc in aice leis an droichead, tháinig ochtó nó nócha Briotanach chuig an droichead agus stad siad ansin. Tar éis tamaill, thosaigh siad ag tarraingt aníos clár an droichid. Dúirt an Maor Buttrick dá mbeimis ar aon intinn leis féin gur chóir dúinn iad a ruaigeadh ón droichead; níor chóir ligean dóibh é sin a tharraingt aníos. Dúramar ar fad go rachaimis ann. Ordaíodh dúinn ar fad lódáil – agus tugadh ordú diongbháilte dúinn gan scaoileadh nó go scaoilfeadh siadsan ar dtús, agus ansin scaoileadh chomh tapa agus ab fhéidir linn.

Foinse: Robert Fox, eagarthóir, *Eyewitness to History* (Londain, Folio Society, 2008).

1. Cathain a tugadh rabhadh faoin bpráinn in Concord, dar le Amos Barrett?
2. Cé mhéad *minutemen* a bhailigh in Concord roimh bhreacadh an lae?
3. Cé mhéad saighdiúirí Briotanach a bhí ann, de réir Amos?
4. Cad iad na horduithe a thug Major Buttrick don chomplacht, de réir Amos?
5. Cén fáth ar éirigh coilínigh Mheiriceá amach i gcoinne riail na Breataine?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Maria Theresia, Banimpire na hOstaire
2. Diúc Bridgewater.
3. Leathadh na litearthachta.
4. Marsantachas agus laissez-faire.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a leathnaigh Feardorcha Mór an Phrúis?
2. Cén ceangal a bhí idir plandálacha sclábhaithe na nIndiacha Thiar agus an trádáil sa siúcra agus sa tobac?
3. Cé chomh rathúil agus a bhí riail Chaitríona Mhór na Rúise?
4. Cén ról a bhí ag an *Encyclopédie* san Eagnaíocht?

1.

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6
Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Bhí Ludwig van Beethoven ag tosú ar cháil a bhaint amach dó féin mar chumadóir nuair a thosaigh sé ag éirí bodhar. Is é Alois Weissenbach, ollamh le máinliacht agus príomh-mháinlia in Ospidéal Naomh Eoin in Salzburg, a d'fhreastail ar cheann de léirithe Beethoven ar an 16 Meán Fómhair 1814 agus a thug an cuntas seo. Léigh a chuntas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Agus mé líonta go hiomlán leis an nglóir a bhain le bua iontach cruthaitheach an cheoil seo, chuaigh mé abhaile ón amharclann agus mé meáite go hiomlán gan Vín a fhágáil nó go gcuirfinn aithne phearsanta ar fhear chomh hiontach sin. Aisteach go leor, nuair a shroich mé mo lóistín, bhí cárta gnó Beethoven ar mo bhord agus é ag tabhairt cuireadh cineálta dom chun bricfeasta leis ar maidin.

Bhuaíl tífeas uafásach é uair amháin agus is ón am sin i leith, dar leis, a thosaigh a néarchóras ag meath agus an bhodhaire dhuairc freisin, is dócha. Is minic a chaith mé tamall fada ag caint leis faoin ábhar seo; is mó atá sé féin thíos leis ná mar atá an domhan mór.

Is díol suntais é go raibh éisteacht thar a bheith géar agus íogair aige sular bhuaíl an tinneas sin é agus, fiú anois féin, cuireann fuaimeanna díchordacha (míthaitneamhacha) isteach air.

1. Cá raibh Beethoven ina chónaí in 1814?
2. Cad ba chúis le bodhaire Beethoven, dar le Weissenbach?
3. Cad iad na fuaimeanna a chuireadh isteach ar Beethoven in 1814?
4. Cén bharúil a bhí ag Weissenbach de cheol Beethoven in 1814?
5. Ainmnigh dhá phíosa ceoil a chum Beethoven.

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Bunú Phoblacht Mheiriceá, 1776-1789.
2. Tom Paine.
3. Mary Wollstonecraft.
4. Cealú thrádáil na sclábhaithe.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén cuspóir a bhí le Bunreacht Sibhialta na Cléire sa Fhrainc?
2. Cén pháirt a ghlac Maximilien de Robespierre i ré an uafáis?
3. Cad iad na leasuithe buana a thug Napoléon isteach san Eoraip?
4. Conas a chuir an Réabhlóid Thionsclaíoch le fás Mhanchain?

Leathanach Bán

Leathanach Bán